Ag Breaṫnú Siar

DIA LUAIN 8-2-1960

Bhí rún 'am fanacht sa mbaile inniu le roinnt scríobhadh a dhéanamh ach ní dheaca liom. Tháinic Máirtín O Tuathaill ag rappáil ar an bhfuinneoíg beagán roimh an seacht agus ní túisce eisean imí ná ghlaoigh bean John McGee orthainn. O d'imthigh an bheirt sin, shíl mé go n-éistí linn ach bhí moill ar an leorrai agus níor stop na buachaillí a bhí ag fanacht leis amuich ar an mbóthar ach ag teacht anuas de'm ghlaoch sa gcaoi is gur éirigh mé ar dheire le teann spadhair go ndeacha mé amach leo. Tá stailc ag bagairt faoi láthair agus má théigheann siad amach sé is móide nach mbeidh aon obair dhúinne Dia Domhnach, arae ní bheidh éinne ann le na bhaigíní a thiomáint amach faoi choinne an loadála. Is fada iad lucht an Bhothair Iarainn ag iarraidh a gceart agus is cosúil go bhfuil siad dáirire faoi an gheábh seo. Níl aon bhaol nach bhfuil fíor-dhroch phái acu agus tá faitcíos orm théis a dhul ar stailc dhóibh, nach ngeobhfaidh siad an oiread is a íochfas a gcuid fiacha má bhíonn siad achar ar bith díomhaoin. Sin é an rud a thárla cheana dhóibh a cheathar nó a cúig de bhlianta ó shoin nuair a bhíodar amuich ar fea sé seachtainí—ní bhfuaireadar ach ceithre scilleacha sa tseachtain de árdú agus deir siad nach bhfuil a dhath bhrabaigh fós acu lena ndeacha de fhiacha an t-am úd orthu. Níor mhiste liom fhéin faoi Domhnach nó dhó a chaitheamh i mo chomhnuí, muis, agus chaithfinn an lá sin ag baile i gcónaí meireach go gcaithfidh muid é oibriú, é sin nó an job a chailleadh.

Tá an-riméad anois orm faoi gur fhága mé an Leictreachas agus creidim nach ngabhfainn arais ag obair ann, ná ar job ar bith eile a mbeadh iomarca Sasanaigh ann, ar ór ná ar airgead, mar níl aon 'crack' ná spraoi san áit a mbíonn siad. Nuair a bhí mé ag obair annsin chaithfinn chuile noiméad scíste ag léamh nó ag scríobh, rud ar bith ach gan a bheith ag éisteacht leis an gcineál leibideacht a dtugann siad sin comhrá air — ach annseo ní breathnuíom ar an bpáipéar fiú, agus maidir le go bhféachfainn le aon cheo a scríobh, bheadh sé comh maith dhom bheith ag súil le dhul ag eitilt, mar bíonn orm cluas a thúirt don gcomhrá breá spraoiúil a bhíonns acu thart ar an dteine 'siad ag ól a gcuid tae. Tá aithne ar a chéile ag bunáite na mbuachaillí seo ó bheith ag castáil ar a chéile ar jobannaí éagsúla.

Isé mo fhearacht-sa leo sin é, ní ró-fhada a bhíonns siad ar job ar bith agus mar sin bíonn an-chuid scéalta le'n aithris acu faoi gach ar éirigh dhóibh ó chonnaiceadar a chéile go deireannach. Bhí Jim Emery ag chur síos inniu ar an job deireannach a rabh sé ag obair air is ar an gcomráda a bhí aige—Knobby mór sin, an t-sean Cocnaí a bhíodh ag troid 'sna 'Booths' fadó. Tá Knobby comh láidir leis an diabhal agus comh leisciúil le gadhar agus mhairfeadh sé ag caint. Is ámhaillí go deo an dreach tá air — dhá shúil mór meisciúla, srón leathan agus cluasa elefant; péire lámha fada feithleógacha mar bheadh ar ghorilla agus gialltrachaí den chineál a bhíodh ar an "gCro Magnon Man" annalód. Bíonn 'shaon "luv" agus "ole pal" dá dtúirt aige ar dhuine 'sé ag caint leis ach shínfeadh sé de shean-iarraidh thú comh réidh céadhna gan fáth ná ádhbhar. Deir siad nach bhfuil sé staidéartha ná baol air a bheith, de bhárr ar bualeadh ar a chloigeann nuair a bhíodh sé ag dornálaíocht. Bheul ar chaoi ar bith, bhí Jim is é fhéin ag déanamh an job seo ach ní stopfadh Knobby ach ag caint nó go m'béigean don fhear i gceannas tosú ag bagairt orthu ar deire.

"I shall have to part you two, if you don't stop talking," an seisean.

"I'll part your — teeth, old pal," arsa Knobby leis; agus níor chuireadh isteach air níba mhó.

Thosuíodar annsin ag innseacht scéalta faoi Knobby agus ba dhóbar dom tuitim i lagrachaí ag éisteacht leo 'chuile fhear ag sárú ar an fhear eile le feabhas a scéal fhéin. Is cuimhneach liom fhéin nuair a bhí mé ag obair in éindigh leis a shé nó seacht de bhlianta ó shoin nuair a bhí sé ag cur síos dom ar an job a bhí aige mar 'grave-digger' thuas i roilig Kingsthorpe. Bhí saighdiúir dá chur an lá seo agus seinneadh an "last post" ar an mbuaill théis é bheith curtha san uaigh. Mhothuigh Knobby brón agus tuaimhéil na h-ócáide agus ar seisean le'n a comrádaí:

"Sad, ain't it? Almost makes yer cry to 'ear 'im plying like that on the ol' bugle."

"Well, e gits pied for blowin' it don't 'e? Wots so sad about that?" arsa an fear eile.

"Look 'ere old luve, you ain't go no yewman feelin's you ain't. I gotta good mind to punch your 'ear 'ole for bein' so 'ard 'earted. Ain't got a single yewman feelin' you ain't."

Bhí O Maoláin sin as Bleá Cliath ag innseacht annsin faoi duine eicínt eile a bhuail Knobby. "He hot him an awful wallop," ar seisean. Chuala mé an leagan sin de "hit" go minic i gCill Choinnigh. An féidir go b'é tá ann iarracht ar aimsear chaithte a chur ar fhocal Bhéarla ar mar a chéile a aimsear láithreach agus a aimsear chaite? Is dóigh, nuair a thosaigh muinntir na h-Eireann ag foghluim Béarla an chéad uair, go mb'fhactas dhóibh go mba aisteach an rudé an dá "aimsear" sin a bheith mar a gcéadhna in go leor cásannaí. Bhuanaigh siad rudaí mar "hot" annsin nuair a labhradar Béarla le na gclanna.

Cuireadh ag obair in éindigh le Goílín ag niu mé, ag déanamh casán luaithe ar thaobh amháin den líne. Fear beag an-lách é agus fearacht go leor de mhuinntir Corcaí — go háithrid an tsean dream — tá a bheag nó a mhór de uaisleacht ag baint leis sa gcaoi is go ndéarfá gur duine é a chonnaic laethanntaí mhaithe lá da shaol. Tá an-chúimse amhráin maithe aige agus bhí cluas orm inniu ag éisteacht leis ag bog-crónán dó féin. Leithéide "Happy moments day by day," "Marguerite" agus "Scenes that are brightest" a bhí dá rá aige agus ba dheas uaidh freisin iad. Bhreathnóchá scaithtí air agus déarfá leat féin gur duine é a bhfuil brón eicínt air mar gur minic é ag stánadh roimhe agus meanga beag smaointeach air; ach den gcuid is mó bíonn sé deas gealgáireach 'sé ag déanamh 'chuile chineál spraoi do na buachaillí.

Is é a bhaist "feilméar" ar an lad eile agus bhí sé ag chur chaoi air inniu dhom faoi mar a thárla sé. Is amhlaidh a bhí Goílín é fhéin mar mhaor ar cheann de chóistí John Laing a bhíodh ag túirt na fir amach chuig an obair ar an Mótar Bhealach. Ba leis fheiceáil chuige nach dtóigfí aon phaisnéir nach rabh fostuí ag an gcomhlucht. Bhíodar ag teacht abhaile an lá seo is gan ach beirt ina seasamh, agus bhí an "feilméar" 'na shuí thiar 'un deire lámh leis an doras. Thosaigh Goílín ag déanamh spraoi leis ag fiafruí dhó a rabh a chuid coirce ar fad bainte fós aige. Dúirt mo dhuine nach rabh, go rabh acra nó dhó eile le baint aige. Thosuíodar ag chur síos ar bheithigh agus ar bharraí annsin agus mhaireadar ar an gcraic sin nó go rabh sé in am don fheilméar a dhul amach as an gcóiste i bhfoisgeacht cúpla mhíle do Northampton. Ar an dá lua is a chuaidh sé amach d'ionntuigh den bheirt a bhí 'na seasamh ar Ghoílín (Sasanach a bhí ann) ag fiafruí dhe cé mba é an fear a chuaidh amach.

"Dhera, sean - fheilméar bocht é sin," arsa Goílín.

"Well, he had'nt ought to be on this bus, Pat," arsa mo dhuine, "leastways he shouldn't have a seat while we're standing. I shall report the matter to-morrow."

"Fair enough," arsa Goílín agus fágadh an scéal mar sin. An lá dár gcion chuaidh an Sasanach suas chuig an oifig go ndéarna sé scéala ar Ghoílín faoi é bheith ag túirt cead isteach do dhaoine nach rabh ag obair do Laing. Chuireadh fios ar Ghoílín agus d'fhiafraigh siad de tuige mbeadh sé ag túirt mar-cuíocht sa mbus do dhaoine mar sin.

"Yerra sure dat man is working here," ar seisean. "He's the pipe layer you got down there in the field."

Bhreathnaigh an cleireach a bhí ag déanamh an cheistniú ar an fhear a scéith air, agus breathnaigh an fear sin ar Ghoílín.

"But you said he was a farmer," arsa mo dhuine.

"Yerra, so he was boy, but that was back yonder. Sure they're all farmers back there."

Níor tugadh ar mo dhuine ach an feilméar ó shoin.

Bhí Caoimhín, mo dhriothár isteach anocht againn písa den oíche áit a rabh sé ag fágáil a bhean thuas ins an ospuidéal. Tá sé cinnte glan orm aon duine den bheirt sin a thuiscint. Tá sise ag dul san ospuidéal is gan fhios aici cé'n uair a leigfí amach í ach níl mairg dá laghad uirri ach oiread is dá mba ar a cuid laetheanntaí saoire a bheadh sí a dhul; ná air-sin ach comh bheag. Psoriasis tá anois uirri, rud a theaganns go rialta ar an mbean mbocht nuair a bhíonn sí ag iompar cloinne. Tá cúram na ngasúr glactha ag lucht an Welfare agus ní baol dóibh; ach nach gceaptha go mbeudh croíthe na mbeirte dhá mbriseadh faoin scarúint sin? Tá's a'm go ngabhfadh an bhean sin a'm fhéin glan as a h-inntinn dá mbeudh uirri scarúint leis an gceann beag.

Bhí fúm an-oíche scríobhadh a dhéanamh anocht ach ní túisce mo dhriothár imithe ná b'shiúd isteach Ginger Céitinn ag iarraidh orm Gaeilge a chur ar leitir a scríobh sé do Rúnaí an C.L.G. i mBirmingham. Tá Ginger é fhéin mar rúnaí ar an gcraoibh tá annseo acu ach is deaslámhaí go mór leis an gcamán é ná leis an bpeann, ní h-é gur locht ar bith air é sin muis. Tá an tsráid seo ag éirí níos Gaelaí in aghaidh an lae agus le'n a mbíonn de ghlórthaí Gaelacha le chlois ón dteach seo againn ní aithneóchá nach thiar in Eirinn a bheithea. An Ard Eaglais agus Club na nGael amach ar ár n-aghaidh, Eireannaigh ag cur fútha sna tithe ar dheis is ar chlé dhúinn, agus báire dá n-imirt sa bpáirc ar chúl an tíghe — céard tá níos Gaelaí ná sin? Fairíor gur mar sin tá, muis, agus nach thiar sa tsean fhearann dúchais dúinn go léir i leaba bheith ag túirt glúin úr ar an saol san áit a ndéanfar Sasanaigh dhóibh in imeacht ama.

Dónall Mac Amhlaigh.

Poilitíoċt

Ṫit Fianna Fáil idir ḋá stól

Ṫáinig an Ḋáil le ċéile Ceadaoine na seaċtaine seo. Is mó rud a raiḃ caint faoi. Is mó rud a raḃ ceisteanna faoi. Aċ go dtí seo ar scor ar biṫ ní r noċtaíoḋ go soiléir beartas do ṗolasaí Fine Gael nó Oibriṫe i leiṫ an Ṗáipéir Ḃáin agus easba polasaí an Rialtais de ṫairḃe na Gaeilge. I measc poiliticeoirí tá mórán mór cainte á ḋéanaṁ faoi an dreaċt a ḃí in AMÁRAĊ na seaċtaine seo caite agus Tost Ṁór Fine Gael agus na h-Oibriṫe.

Tá cogar beag ag dul ṫart go ḃfuil Páirtí amáin den Ḟreasúra ar scor ar biṫ ag maċnaṁ go doṁain ar ṫeaċt amaċ ar an taoḃ eile de Ḟianna Fáil le polasaí déarfá i leiṫ slánú na Gaeltaċta. Níl aon ċaint á ḋéanaṁ fós fá polasaí níos bunúsaí de ṫairḃe aṫḃeoċaint na Gaeilge aċ tá an Páirtí seo ag maċnaṁ go doṁain ar bunús do ṗolasaí ċiallṁar a ḃéarfaḋ Saoṫrú Seasta do ṗobal na gceanntar speisialta a luaiḋeaḋ fadó i gCoimisiún na Gaeltaċta agus atá coṁ-ionann le ceantair na Fíor-Ġaeltaċta san lá inniu ⁊ plean ciallṁar, gearr-aimsearta fá ċoinne na gceantar Gaeltaċta in a laḃartar an teanga a sáḃáil don náisiún. Seans naċ ró ḟada go gcluinfear scéala poiblí faoi seo.

Dála an scéil, an ḃfuil an Rialtas ag éirí imníoċ faoi an ísliú seo i gcúrsaí aṫḃeoċaine ⁊ i gcúrsaí na Gaeltaċta? Tá gaċ deallraṁ ar an scéal go ḃfuil, agus go ḃfuiltear ag cur, an milleán ins an ċéad ċás ar na h-árd Stáit-seirḃísí a ḋreáċtaiġ an Páipéar Bán. Is cosúil gur beag aird a ṫug furmór na n-Airí ar an Ṗáipéar. Ṁeas siad gur gnó é do ċúpla duine fé leiṫ agus ba ċuma leo aċ deiṁin a ḋéanaṁ de naċ raḃ aon baol poiliticiúil ann ó ṫaoḃ a beiṫ ró ṫeann. Measaḋ go speisialta gur gnó é don Aire Oideaċais ⁊ Aire na Gaeltaċta le taoḃ na Gaeilge a ṡásaṁ. Tátar ag cur milleáin go láidir orṫa sin anois nár ċinntiġ go mbeaḋ rud éigean ins an Ṗáipéar Bán a ṡásóḋ na díograsóirí, mar beirtear orṫa agus tá roinnt ṁaiṫ Teaċtaí Dála agus Aire nó ḋó a mbíoḋ a n-ainm i gcónaí le gluaiseaċt na Gaeilge agus tá siad mí-ṡásta go maiṫ agus ṫar a beiṫ mí-ṡásta. Tá faitíos ann anois go leaṫan go dtitfiḋ eite na Gaeilge de Ḟianna Fáil idir ḋá stól. Is cosúil go ḃfuil sé sin iontuigṫe ag luċt ceannais an Ṗáirtí agus ḃí iarraċt á ḋéanaṁ Dé Luain seo ċaite ar ṡaġas éigin "aġaiḋ" a ṫaispeáint faoi. Ins an ċraolaḋ poiliticiúil a ḃí ag an Ṗáirtí oíċe Luain cuireaḋ an Doċtúir Ó Riain os coṁair an ṗobail mar an duine a ḃeaḋ i gceannas ar ġluaiseaċt na Gaeilge agus an Doċtúir Ó hIrṫile, Aire Oideaċais, agus mar ṡop do na díograsóirí, Pádraig Ó Faċtna, Teaċta a ḃfuil árdṁeas air imeasc luċt aṫḃeoċainne na Gaeilge. San am ċéanna b'furast a ḟeiceáil naċ raiḃ siad aċ ag cur an ċuma a b'ḟearr ar na gnóiṫí fé mar a ḃí agus ḃí trua ag Gaeilgeoirí don Uasal Ó Faċtna aċ go h-áiriṫe.

Aċ an ċeist a ḃí gaċ duine a ċur. Cá raḃ Aire na Gaeltaċta? An amlaiḋ naċ dtiocfaḋ leis agaiḋ a ṫaḃairt ar an ṗobal ċor ar biṫ fiú amáin nuair naċ raḃ duine ar biṫ le ceisteanna a cur air?

Is cosúil gur sin mar a ḃí agus go n-aiṫnítear go soiléir anois gur meancóg agus meancóg an ṁór an méid a foillsíoḋ ins an Ṗáipéar Bán faoi an Ġaeltaċt.

An nuaiḋeaċt a ba ṁó an tseaċtain seo caite ná an scéala go ḃfuil an Rialtas ag ceannaċt B. ⁊ I. ar corraḋ le £3½m. Seo gníoṁ fiúntaċ má tá sé rud beag déanaċ féin. Dá ḃliain ó ṡoin, san Ṗáipéar seo, ṫagair muid den scéal agus dúraḋ gur ċeart go mbeaḋ seirḃísí treasna Muir Ṁeáin i seilḃ údaraisí Éireannaċ. Tá sé fíor riaċtanaċ le coṫrom na féinne agus ceart agus caoi a ṫaḃairt do oinnṁuirṫe na hÉireann agus is maiṫ an gníoṁ atá déanta ag an Rialtas. Ar ndóiġ, is tráṫúil é freisin mar caḃróiḋ sé le seasaṁ an Rialtais a neartú agus is cinnte go gcuirfiḋ sé sásaṁ an ṁór ar ḟeirmeoirí na tíre agus ní h-íonaḋ ar biṫ dá mbeaḋ cuid den t-sásaṁ sin le feiceáil, cuir i gcás, in áiteaċa mar Ċorcaí. Tá an gníoṁ fiúntaċ ann ḟéin. Tá an tráṫúlaċt tairḃeaċ go poiliticiúil. Dála an scéil naċ aisteaċ i gcónaí nuair a tugtar suimeanna móra airgid fá ċoinne siúd nó seo, cosúil le seo a raċas ar soċar do na feirmeoirí agus an scagadan ola i gCorcaí a raċas ar soċar don tionsclaíoċt gur dearnaḋ beag den airgead agus mór den toraḋ a ṫiocfaḋ as i gcónaí, aċ uair ar biṫ a tugtar cúpla pingin don Ġaeltaċt, déantar iarraċt i gcónaí, idir bolscaireaċt agus eile, le rud mór ar fad a ḋéanaṁ de. Seo an rud a ḟágas tuairim i gceann an ġnáṫ duine go ḃfuiltear a déanaṁ rud mór ar fad don Ġaeltaċt. Is cosúil go ḃfuil feaċtas poiblíoċta Béarla ag teastáil go géar ón Ġaeltaċt le go dtuigfeaḋ gná Béarlóirí a ngéarċás.

FEARFEASA.

Bóiṫre

Ar ṁolaḋ ó Ṗádraic Galḃin, O.S., agus Seán Ó Faṫarta, O.S., ṡocraiġ Coṁairle Condae na Gailliṁe árdú £500 a ḋéanaṁ insan meastaċán do 15,500 fá ċoinne fógraí rúin óna coṁairleoirí ar bóiṫre a ḃí le ḋéanaṁ de ḟonn agus go gcaiṫfí an £500 breise ar bóiṫre naċ raiḃ ḋá gcoṫaḃáil go dtí seo.